Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8269/25**

**CDR 31**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| An: | 2 Bealtaine 2025 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Éirinn, de Choiste na Réigiún – Glacadh |

1. I litir dar dáta an 19 Feabhra 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Eileen Lynch, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh í.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 6368/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Eileen LYNCH, mhol Rialtas na hÉireann[2] Bridin MURPHY, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach, *Comhairleoir Chomhairle Contae Loch Garman*, mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n- aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8267/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 8148/25.